



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

**Strasbourg, 17 Aibreán 2019
(OR. en)**

**2017/0116 (COD)
LEX 1902**

**PE-CONS 77/1/18
REV 1**

**AVIATION 167
CODEC 2293**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE hIOMAÍOCHT IN EARNÁIL AN AERIOMPAIR A CHOSAINT,
AGUS LENA nAISGHAIRTEAR RIALACHÁN (CE) UIMH. 868/2004**

RIALACHÁN (AE) 2019/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2019

**maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint,
agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C 197, 8.6.2018, lch. 58.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá ról ríthábhachtach ag earnáil na heitlíochta i ngeilleagar an Aontais agus i saol laethúil shaoránaigh an Aontais, agus tá sí ar cheann de na hearnálacha is fearr feidhmíochta agus is dinimiciúla de gheilleagar an Aontais. Is spreagadh mór í don fhás eacnamaíoch, do phoist, don trádáil agus don turasóireacht, agus do nascacht agus do shoghluaisteacht gnólachtaí agus saoránach araon, go háirithe laistigh de mhargadh inmheánach eitlíochta an Aontais. Le roinnt mhaithe blianta, chuir an méadú ar sheirbhísí aeriompair go mór leis an nascacht laistigh den Aontas agus leis an nascacht le tríú tíortha a fheabhsú, agus bhí an méadú céanna ar cheann de na nithe a d'fhág go ginearálta gurbh indéanta geilleagar Aontais a bheith ann.
- (2) Tá áit lárnach ag aeriompróirí an Aontais i líonra domhanda a nascann an Eoraip go himmheánach agus leis an gcuid eile den domhan. Ba cheart go mbeadh sé ar a gcumas dul in iomaíocht le haeriompróirí tríú tíortha i dtimpeallacht ina bhfuil iomaíocht oscailte agus chóir ann. Tá an méid sin riachtanach chun sochair a thabhairt do thomhaltóirí, chun dálaí fabhracha a chaomhnú a thacóidh le hardleibhéal nascachta don Aontas agus le nascacht aeir agus a áiritheoidh go mbeidh trédhearcacht ann, le cothrom na Féinne agus le hiomaíochas leanúnach aeriompróirí an Aontais, chomh maith le hardleibhéil fostaíochta ar ardchaighdeán i dtionscal eitlíochta an Aontais.

- (3) I gcomhthéacs comhar méadaithe idir gníomhaithe aeriompair ar leibhéal domhanda, tá an iomaíocht chóir fíor-riachtanach mar phrionsabal ginearálta maidir le seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta a oibriú. Tugtar aitheantas don phrionsabal sin go háirithe sa Choinbhinsiún Chicago um Eitlíocht Shibhialta an 7 Nollaig 1944 ('Coinbhinsiún Chicago') ina n-aithnítear sa réamhrá a ghabhann leis go gcaithfidh seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta a bheith bunaithe ar bhonn an chomhionannais deiseanna. In Airteagal 44 de Choinbhinsiún Chicago luaitear freisin go bhfuil sé d'aidhm ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú chun a áirithiú go bhfuil deis chothrom ag gach Stát conarthach aerlínte idirnáisiúnta a oibriú agus chun idirdhealú a sheachaint idir stáit chonarthacha.
- (4) Tá prionsabal na hiomaíochta córa seanbhunaithe laistigh den Aontas, áit a dtagann cleachtais a shaobhann an margadh faoi réir dhlí an Aontais lena ráthaítear deiseanna comhionanna agus dálaí iomaíochta córa d'aeriompróirí de chuid an Aontais agus tríú tíre atá ag oibriú laistigh den Aontas.

- (5) In ainneoin iarrachtaí leanúnacha an Aontais agus roinnt tríú tíortha agus an Aontais, áfach, ní dhearnadh prionsabail na hiomaíochta córa a shainiú fós le rialacha iltaobhacha sonracha, go háirithe, faoi chuimsiú chomhaontuithe an ICAO nó na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO), amhail an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS), agus an Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Aeriompair, comhaontuithe nach gcumhdaíonn a raon feidhme na seirbhísí aeriompair den chuid is mó.
- (6) Ar an ábhar sin, ba cheart na hiarrachtaí a neartú i gcomhthéacs an ICAO agus an WTO chun tacú le forbairt a dhéanamh ar rialacha idirnáisiúnta a ráthaíonn dálaí iomaíochta córa idir na haeriompróirí uile.
- (7) B'fhearr go dtabharfaí aghaidh ar iomaíocht chóir idir aeriompróirí i gcomhthéacs comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí le tríú tíortha. Mar sin féin, le formhór na gcomhaontuithe arna gcur i gcrích idir an tAontas nó a Bhallstáit nó iad araon, de pháirt amháin, agus tríú tíortha, den pháirt eile, ní fhoráiltear go dtí seo maidir le rialacha leordhóthanacha le haghaidh iomaíocht chóir. Ar an ábhar sin, ba cheart na hiarrachtaí idirbheartaíochta a neartú maidir le clásail iomaíochta córa a chur isteach sna comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí le tríú tíortha atá ann cheana agus sna cinn a bheidh ann amach anseo.

- (8) Féadfar iomaíocht chóir idir aeriompróirí a áirithiú chomh maith trí reachtaíocht iomchuí de chuid an Aontais amhail Rialachán (CEE) Uimh. 95/93¹ ón gComhairle agus Treoir 96/97/CE ón gComhairle². A mhéid a ghlactar leis go dtugann iomaíocht chóir cosaint d'aeriompróirí an Aontais ar chleachtais áirithe a ghlacann tríú tíortha nó aeriompróirí tríú tíortha, tugadh aghaidh cheana ar an tsaincheist seo i Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³. Ina ainneoin sin, léiríodh go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 neamhéifeachtach i dtaca leis an mbunaidhm ghinearálta, mar atá iomaíocht chóir. Is amhlaidh sin go háirithe i gcás cuid dá rialacha a bhaineann le sainiú na gcleachtas lena mbaineann, seachas fóirdheonú, agus leis na ceanglais maidir le himscrúduithe a thionscnamh agus a dhéanamh. Lena chois sin, níor foráladh i Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 go soláthrófaí comhlántacht le comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu. I bhfianaise líon agus suntas na leasuithe ba ghá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, is iomchuí gníomh nua a chur in áit Rialachán (CE) Uimh. 868/2004.

¹ Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do cionroinnt sealanna in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1).

² Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar mhargadh seirbhísí láimhseála ar an talamh in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 272, 25.10.1996, lch. 36).

³ Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le cosaint ar fhóirdheonú agus ar chleachtais éagóracha praghsála ar cúis díobhála iad d'aeriompróirí Comhphobail agus iad ag soláthar aersheirbhísí ó thíortha nach Ballstáit den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 162, 30.4.2004, lch.1).

- (9) Bíonn iomaíocht earnáil eitlíochta an Aontais ag brath ar iomaíocht an uile chuid de shlabhra breisluacha earnáil na heitlíochta agus ní féidir í a chothabháil ach amháin trí thacar comhlántach beartas. Ba cheart don Aontas dul i mbun idirphlé inchiallaithe le trí tíortha chun teacht ar bhonn don iomaíocht chóir. I dtaca leis sin, tá gá fós le reachtaíocht atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach chun dálaí fabhracha a chaomhnú a thacóidh le hardleibhéal nascachta don Aontas agus chun iomaíocht chóir le haeriompróirí tríú tíortha a áirithiú. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh agus bearta a ghlacadh i gcás inar gá sin. Ba cheart na bearta sin a bheith ar fáil i gcás inar cúis díobhála d'aeriompróirí an Aontais cleachtais a shaobhann an iomaíocht.
- (10) D'fhéadfaí a áireamh san idirdhealú cásanna ina bhfuil aeriompróir de chuid an Aontais faoi réir ionramháil dhifreálach gan bonn cirt oibiachtúil a bheith leis, go háirithe ionramháil dhifreálach maidir le praghsanna agus rochtain ar sheirbhísí láimhseáil ar an talamh; bonneagair aerfoirt; seirbhísí aerloingseoireachta; cionroinnt sealanna; na nósanna imeachta riaracháin amhail leithdháileadh víosaí d'fhoireann na n-aeriompróirí eachtracha; na socruithe mionsonraithe maidir le seirbhísí aeriompair a dhíol nó a dháileadh nó aon chúrsaí eile a bhaineann le gnó a dhéanamh, amhail nósanna imeachta imréitigh chustam troma, nó aon chleachtas éagórach eile de chineál airgeadais nó oibríochtúil.

- (11) Ba cheart imeachtaí a chur i gcrích faoin Rialachán seo gan bearta sásaimh, i gcás ina mbeadh glacadh na mbeart sin i gcoinne leas an Aontais, agus aird speisialta á tabhairt ar an tionchar a bheadh acu ar dhaoine eile, go háirithe tomhaltóirí agus gnóthais san Aontas, agus ar an tionchar a bheadh acu ar ardleibhéil nascachta ar fud an Aontais. Agus leas an Aontais á mheasúnú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar staid na mBallstát a bhraitheann go heisiach nó go sonrach ar an aeriompar i gcomhair nascacht leis an domhain agus ar chomhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais a áirithiú. Chomh maith leis sin, ba cheart imeachtaí a chur i gcrích gan bhearta i gcás nach bhfuil na bearta sin riachtanach, nó nach bhfuil siad riachtanach a thuilleadh.
- (12) Agus cinneadh á dhéanamh an mbeadh bearta sásaimh a ghlacadh i gcoinne leas an Aontais, ba cheart don Choimisiún tuairimí na bpáirtithe leasmhara uile a chur san áireamh. D'fhoill comhairliúcháin a eagrú leis na páirtithe leasmhara uile agus deis éisteachta a thabhairt dóibh, ba cheart teorainneacha ama chun faisnéis a sholáthar nó chun éisteacht a iarraidh a shonrú san fhógra ar thionscnamh an imscrúdaithe. Ba cheart do pháirtithe leasmhara a bheith feasach ar na coinníollacha nochta a bhaineann leis an bhfaisnéis a chuireann siad ar fáil agus ba cheart dóibh a bheith i dteideal freagra a thabhairt ar bharúlacha na bpáirtithe eile.

- (13) Chun go bhféadfaidh faisnéis leordhóthanach a bheith ag an gCoimisiún maidir le heilimintí a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar le himscrúdú a thionscnamh, ba cheart aon Bhallstát, aeriompróir de chuid an Aontais nó comhlachas d'aeriompróirí de chuid an Aontais a bheith i dteideal gearán a dhéanamh, agus ba cheart aghaidh a thabhairt air sin in am réasúnach.
- (14) Chun éifeachtacht an Rialacháin a áirithiú, tá sé bunriachtanach go mbeidh an Coimisiún in ann na himeachtaí a thionscnamh ar bhonn gearán lena léirítear fianaise *prima facie* gurb ann do bhagairt díobhála.
- (15) Le linn an imscrúdaithe sin ní mór don Choimisiún aird a thabhairt ar na cleachtais a shaobhann an iomaíocht sa chomhthéacs ábhartha. I bhfianaise éagsúlacht na gcleachtas féideartha, i gcásanna áirithe d'fhéadfaí an cleachtas agus a chuid éifeachtaí a theorannú do ghníomhaíochtaí aeriompair idir dhá chathair, agus i gcásanna eile d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas agus a éifeachtaí ar an líonra aeriompair níos leithne.
- (16) Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhféadfar an t-imscrúdú a leathnú go dtí an raon is leithne is féidir míreanna ábhartha. Chun na críche sin, ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún imscrúduithe a dhéanamh i dtríú tíortha, faoi réir thoiliú eintitis an tríú tír lena mbaineann agus in éagmais agóid ó na tríú tíortha sin. Ar na cúiseanna céanna agus chun na críche céanna, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit tacú leis an gCoimisiún a mhéid agus is acmhainn dóibh. Ba cheart don Choimisiún an t-imscrúdú a chur i gcrích ar bhonn na fianaise is fearr atá ar fáil.

- (17) Le linn an imscrúdaithe, féadfaidh an Coimisiún a mheas cibé arbh ionann an cleachtas a shaobhann an iomaíocht agus sárú ar chomhaontú aeriompair nó ar chomhaontú aersheirbhísí nó ar aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann nó nach ea. Más amhlaidh atá, maidir leis an gcleachtas a shaobhann an iomaíocht, arb ionann é freisin agus sárú ar chomhaontú aeriompair nó ar chomhaontú aersheirbhísí nó ar aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, féadfaidh an Coimisiún a mheas gurbh iomchuí aghaidh a thabhairt ar an gcleachtas sin trí na nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna mbunú leis an gcomhaontú sin a chur i bhfeidhm. I gcás den chineál sin, ba cheart don Choimisiún a bheith i dteideal an t-imscrúdú a tionscnaíodh faoin Rialachán seo a chur ar fionraí. I gcás ina dteipeann ar chur i bhfeidhm na rialacha agus na nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta aeriompair nó aersheirbhísí nó le haon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu, réiteach leordhóthanach a fháil ar an gcás, ba cheart deis a bheith ag an gCoimisiún tús a chur an athuair leis an imscrúdú.

- (18) Ba cheart go n-éascódh comhaontuithe eitleochta agus an Rialachán seo an t-idirphlé leis na tríú tíortha lena mbaineann chun díospóidí a réiteach go héifeachtúil agus chun an iomaíocht chóir a thabhairt ar ais. I gcás ina mbainfidh an t-imscrúdú a dhéanfaidh an Coimisiún le hoibríochtaí a chumhdaítear le comhaontú maidir le haeriompair nó aersheirbhísí nó le haon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair arna gcur i gcrích le tríú tír nach bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, ba cheart a áirithiú go ngníomhóidh an Coimisiún agus láneolas aige ar aon imeachtaí atá beartaithe nó seolta ag an mBallstát lena mbaineann faoin gcomhaontú sin agus a bhaineann leis an gcás atá faoi réir imscrúdú an Choimisiúin. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit an Coimisiún a choimeád ar an eolas dá réir. I gcás den sórt sin, ba cheart an ceart a bheith ag na Ballstáit uile lena mbaineann fógra a thabhairt don Choimisiún go bhfuil sé ar intinn acu aghaidh a thabhairt go heisiach ar an geleachtas atá ag saobhadh na hiomaíochta faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí atá sna comhaontuithe faoi seach maidir le haeriompar nó maidir le haersheirbhísí nó in aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair arna gcur i gcrích le tríú tír nach bhfuil an tAontas ina pháirtí ann. Má thugann na Ballstáit uile lena mbaineann fógra don Choimisiún agus nach bhfuil aon agóid déanta ina choinne, ba cheart don Choimisiún a imscrúdú a chur ar fionraí go sealadach.

- (19) Más rud é go mbíonn sé i gceist ag na Ballstáit lena mbaineann aghaidh a thabhairt ar an gcleachtas atá ag saobhadh na hiomaíochta trí bhíthin nósanna imeachta um réiteach díospóidí go heisiach atá sna comhaontuithe maidir le haeriompar, maidir le haersheirbhísí nó aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair agus arna gcur i gcrích acu leis an tríú tír lena mbaineann chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi na comhaontuithe sin, ba cheart do na Ballstáit iarracht a dhéanamh dul ar aghaidh go gasta leis na nósanna imeachta um réiteach díospóidí agus ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas go hiomlán ina leith sin. I gcás ina leantar leis an gcleachtas a shaobhann an iomaíocht agus go gcuireann an Coimisiún tús an athuair leis an imscrúdú, ba cheart na torthaí a gheofar agus comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí den chineál sin nó aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair á gcur i bhfeidhm a thabhairt ar aird chun a áirithiú go dtabharfar ar ais an iomaíocht chóir a luaithe is féidir.
- (20) Na torthaí a gheofar agus na nósanna imeachta um réiteach díospóidí, arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta aeriompair nó aersheirbhísí nó le haon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu, á gcur i bhfeidhm, ba cheart na torthaí sin a thabhairt ar aird.

- (21) Ar chúiseanna éifeachtúlachta riaracháin agus chun go bhféadfaí na himeachtaí a fhoirceannadh gan bhearta a fhorchur, ba cheart go bhféadfaí na himeachtaí a chur ar fionraí i gcás ina mbeadh bearta cinntitheacha déanta ag an tríú tír nó eintiteas tríú tír lena mbaineann chun deireadh a chur leis an gcleachtas ábhartha a shaobhann an iomaíocht nó an díobháil nó an bhagairt díobhála a bhíonn ann dá bharr.
- (22) Cinntí i dtaca le díobháil nó bagairt díobhála don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, ba cheart dóibh a bheith de réir measúnú réalaióch ar an gcás agus ba cheart dóibh, ar an ábhar sin, a bheith bunaithe ar na cúinsí ábhartha uile, go háirithe cúinsí a bhaineann le cás an iompróra nó na n-iompróirí sin agus le staid ghinearálta an mhargaidh aeriompair lena mbaineann.
- (23) Ní mór na coinníollacha a leagan síos faoinar cheart na himeachtaí a chur i gcrích, bíodh forchur beart sásaimh i gceist nó ná bíodh.
- (24) Trí bhíthin bearta sásaimh i dtaca le cleachtais a shaobhann an iomaíocht, tá sé d'aidhm fritháireamh a dhéanamh ar an díobháil a bhíonn ann de bharr na gcleachtas sin. Ba cheart, mar sin, iad a bheith i bhfoirm dualgais airgeadais nó bearta eile ar féidir leo, mar luach airgeadais intomhaiste, an toradh céanna a bhaint amach. Chun prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, ba cheart bearta d'aon chineál a theorannú dá bhfuil riachtanach chun fritháireamh a dhéanamh ar an díobháil arna sainaithint. Leis an mbeart sásaimh, ba cheart féachaint d'fheidhmiú cuí mhargadh aeir an Aontais agus níor cheart a bheith de thoradh air go dtabharfaí buntáiste míchuí d'aon aeriompróir ná d'aon ghrúpa aeriompróirí.

- (25) Níl sé d'aidhm ag an Rialachán seo aon chaighdeán a fhorchur ar aeriompróirí tríú tír, i dtaca le fóirdheontais mar shampla, trí oibleagáidí níos srianta a thabhairt isteach seachas na cinn is infheidhme maidir le haeriompróirí an Aontais.
- (26) D'fhéadfadh, de réir na gcúinsí, go mbeadh difríocht idir na cásanna ar a ndéantar imscrúdú faoin Rialachán seo mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na cásanna sin ar na Ballstáit. Ba cheart, mar sin, go bhféadfaí bearta sásaimh a chur i bhfeidhm, ag brath ar an gcás, ar aeriompróir amháin tríú tír nó níos mó, ar limistéar geografach faoi leith nó ar thréimhse ama faoi leith, nó dáta a shocrú sa todhchaí faoina mbeidh feidhm acu.
- (27) Na bearta sásaimh, níor cheart a bheith iontu fionraí nó teorannú ar chearta tráchta a dheonaigh Ballstát ar thríú tír.
- (28) I gcomhréir leis an bprionsabal comhréireachta céanna, níor cheart go leanfadh bearta sásaimh i dtaca le cleachtais a shaobhann an iomaíocht de bheith i bhfeidhm ach chomh fada, agus a mhéid, a bhfuil gá leo i bhfianaise an chleachtais sin agus na díobhála a bhíonn ann dá bharr. Ar an ábhar sin, ba cheart foráil a dhéanamh d'athbhreithniú i gcás ina bhfuil bonn údair lena leithéid mar gheall ar na cúinsí.

- (29) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.
- (30) Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas ar bhonn rialta maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, trí bhíthin tuarascáil. Ba cheart faisnéis a áireamh sa tuarascáil sin faoi chur i bhfeidhm na mbeart sásaimh, faoi imscrúduithe a fhoirceannadh gan bhearta a fhorchur, faoi athbhreithnithe agus faoi chomhar leis na Ballstáit, le páirtithe leasmhara agus le tríú tíortha. Ba cheart an tuarascáil sin a chur i dtoll a chéile agus é a láimhseáil leis an leibhéal rúndachta is iomchuí.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon cosaint éifeachtúil ar dhíobháil nó ar bhagairt díobhála d'aeriompróirí amháin nó níos mó de chuid an Aontais mar thoradh ar chleachtais a shaobhann an iomaíocht arna nglacadh ag tríú tíortha nó eintitis tríú tíortha, cosaint atá comhionann d'aeriompróirí uile an Aontais agus bunaithe ar chritéir agus nósanna imeachta aonfhoirmeacha, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Conradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (32) Ós rud é go dtagann an Rialachán seo in ionad Rialachán (CE) Uimh. 868/2004, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an gCoimisiún agus maidir le bearta sásaimh a ghlacadh, i ndáil le cleachtais a shaobhann iomaíocht idir aeriompróirí de chuid an Aontais agus aeriompróirí tríú tír agus a dhéanann díobháil nó a bhagraíonn díobháil a dhéanamh d'aeriompróirí an Aontais.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar d'Airteagal 12 de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 agus Airteagal 20 de Treoir 96/67/CE.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'aeriompróir' aeriompróir mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;
- (2) ciallaíonn 'seirbhís aeriompair' eitilt nó sraith eitiltí ina n-iompraítear paisinéirí, lasta nó post ar luach saothair nó ar fruiliú;
- (3) ciallaíonn 'páirtí leasmhar' aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon chomhlacht oifigiúil, bíodh a phearsantacht dhlítheanach ar leith aige nó ná bíodh, ar dóigh dó leas suntasach a bheith aige i dtoradh na n-imeachtaí, lena n-áirítear aeriompróirí ach gan a bheith teoranta dóibh;
- (4) 'ciallaíonn an Ballstát lena mbaineann' aon Bhallstát:
 - (a) a thug an ceadúnas oibríochta don aeriompróir nó do na haeriompróirí lena mbaineann de chuid an Aontais de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008; nó

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

- (b) a bhfeidhmíonn an t-aeríompróir de chuid an Aontais nó na haeríompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann faoina chomhaontú aeríompair, a chomhaontú aersheirbhísí nó aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeríompair leis an tríú tír lena mbaineann;
- (5) ciallaíonn 'eintiteas tríú tír' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, bíodh sé brabúsach nó ná bíodh, nó aon chomhlacht oifigiúil, bíodh a phearsantacht dhlítheanach ar leith aige nó ná bíodh, atá faoi dhlínse tríú tír, bíodh sé faoi rialú ag rialtas tríú tír nó ná bíodh, agus atá páirteach go díreach nó go hindíreach i seirbhísí aeríompair nó seirbhísí gaolmhara nó i soláthar bonneagair nó seirbhísí a úsáidtear chun seirbhísí aeríompair nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar;
- (6) ciallaíonn 'cleachtais a shaobhann an iomaíocht' idirdhealú agus fóirdheontais;
- (7) ciallaíonn 'bagairt díobhála' bagairt a bhfuil sé intuartha agus rídhóchúil gur garghortú a thiocfadh as, agus gur féidir a chruthú thar amhras réasúnach gur ghníomh nó cinneadh ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír ba chúis leis.

- (8) ciallaíonn 'idirdhealú' idirdhealú de chineál ar bith gan bonn cirt oibiachtúil maidir le soláthar earraí nó seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí poiblí, a úsáidtear chun seirbhísí aeriompair a oibriú, nó maidir le cóireáil na n-earraí nó na seirbhísí sin ag údaráis phoiblí i ndáil le seirbhísí den sórt sin, lena n-áirítear cleachtais a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta nó le saoráidí agus seirbhísí aerfoirt, breosla, seirbhísí láimhseála ar an talamh, slándáil, córais áirithinte ar ríomhaire, leithdháileadh sliotán, muirir, agus an úsáid a bhaintear as saoráidí nó seirbhísí eile chun seirbhísí aeriompair a oibriú;
- (9) ciallaíonn 'fóirdheontas' ranníocaíocht airgeadais:
- (a) arna deonú ag rialtas nó eagraíocht phoiblí eile de chuid tríú tír in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:
- (i) cleachtas rialtais nó eagraíochta poiblí eile ar aistriú díreach cistí é nó ar aistriú díreach féideartha é ar chistí nó ar dhliteanais (amhail deontais, iasachtaí, instealladh cothromais, ráthaíochtaí iasachta, fritháireamh caillteanas oibriúcháin, cúiteamh ar ualaí airgeadais arna bhforchur ag údaráis phoiblí);
- (ii) tarscaoileadh nó neamhbhailiú ioncaim rialtais nó eagraíochta poiblí eile atá dlite ar aon slí eile (amhail cóireáil cánach fhabhrach nó dreasachtaí fioscacha amhail creidmheasanna cánach);
- (iii) rialtas nó eagraíocht phoiblí eile, lena n-áirítear gnóthais faoi rialú poiblí, earraí nó seirbhísí a sholáthar nó a cheannach;

- (iv) rialtas nó eagraíocht phoiblí eile íocaíochtaí a dhéanamh le sásra maoiniúcháin nó cúram nó treoir a thabhairt do chomhlacht príobháideach cineál amháin nó níos mó de na feidhmeanna dá dtagraítear i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) a dhéanamh, ar feidhmeanna iad a bheadh de chúram ar an rialtas de ghnáth agus nach bhfuil aon difríocht i ndáiríre idir iad agus na cleachtais a leanann rialtais de ghnáth;
- (b) lena mbronntar sochar; agus
- (c) atá teoranta, le dlí nó le gníomh, d'eintiteas nó tionscal nó do ghrúpa eintiteas nó grúpa tionscal laistigh de dhlínse údarás an deonaithe;
- (10) ciallaíonn 'aeriompróir de chuid an Aontais' aeriompróir a bhfuil aige ceadúnas bailí oibríochta arna dheonú dó ag Ballstát i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008;
- (11) ciallaíonn an 'aeriompróir lena mbaineann de chuid an Aontais' an t-aeriompróir a ndeirtear a bheith faoi réir díobhála nó bagairt díobhála de bhun phointe (b) d'Airteagal 4(1).

Airteagal 3
Leas an Aontais

1. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le leas an Aontais chun críche phointe (b) d'Airteagal 13(2) bunaithe ar luachmhéadú na leasanna éagsúla atá ábhartha sa chás ar leith, a bhféachtar orthu ina n-iomláine. Agus leas an Aontais á chinneadh, tabharfar tús áite don ghá atá le leasanna an tomhaltóra a chosaint agus ardleibhéal nascachta do phaisinéirí agus don Aontas a chothabháil. Maidir le slabhra na heitlíochta tríd síos, féadfaidh an Coimisiún na gnéithe sóisialta ábhartha a chur san áireamh freisin. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin an gá maidir le deireadh a chur leis an gcleachtas a shaobhann an iomaíocht, an iomaíocht éifeachtach chothrom a thabhairt thar n-ais agus aon saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint.
2. Déanfar leas an Aontais a chinneadh bunaithe ar anailís eacnamaíoch arna déanamh ag an gCoimisiún. Bunóidh an Coimisiún an anailís sin ar fhaisnéis a bhaileofar ó na páirtithe leasmhara. Agus a chinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún ar leas an Aontais, lorgóidh an Coimisiún aon fhaisnéis ábhartha eile, freisin, a cheapann sé a bhfuil gá leis agus cuirfear san áireamh go háirithe na gnéithe atá leagtha amach in Airteagal 12(1). Ní chuirfear faisnéis san áireamh ach amháin i gcás ina bhfuil fianaise iarbhír ann a thacaíonn le bailíocht na faisnéise sin.

3. Ní dhéanfar cinneadh maidir le leas an Aontais chun críche phointe (b) d'Airteagal 13(2) go dtí go dtugtar deis do na páirtithe leasmhara uile iad féin a chur in iúl, a gcuid tuairimí a chur i láthair i scríbhinn, faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin nó iarratas a dhéanamh ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin, i gcomhréir leis na teorainneacha ama a shonraítear i bpointe (d) d'Airteagal 4(8). Leagfar amach in aon iarrataí le haghaidh éisteachta na cúiseanna a bhain le leasanna an Aontais faoi deara do na páirtithe éisteacht a iarraidh.
4. Féadfaidh na páirtithe leasmhara dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a iarraidh go gcuirfear ar fáil dóibh na fíorais agus na breithnithe sin ar dócha go mbunófar cinntí orthu. Cuirfear faisnéis den sórt sin ar fáil a mhéid is féidir, i gcomhréir le hAirteagal 8, agus gan dochar d'aon chinneadh a ghlacfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin.
5. Tarchuirfear an anailís eacnamaíoch dá dtagraítear i mír 2, mar fhaisnéis, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle .

Caibidil II

Forálacha coiteanna maidir le himeachtaí

Airteagal 4

Imeachtaí a thionscnamh

1. Tionscnófar imscrúdú tar éis gearán i scríbhinn a thíolacfaidh Ballstát, aeriompróir amháin nó níos mó de chuid an Aontais nó comhlachas d'aeriompróirí de chuid an Aontais nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, má tá fianaise *prima facie* gur ann do na dálaí seo a leanas:
 - (a) cleachtas a shaobhann an iomaíocht, arna chur i bhfeidhm ag tríú tír nó eintiteas tríú tír;
 - (b) díobháil nó bhagairt díobhála d'aeriompróir amháin nó níos mó de chuid an Aontais; agus
 - (c) nasc cúisíoch idir an cleachtas líomhnaithe agus an díobháil nó an bhagairt díobhála líomhnaithe.
2. Nuair a fhaightear gearán de bhun mhír 1, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit uile ar an eolas.

3. Scrúdóidh an Coimisiún go tráthúil cruinneas agus leordhóthanacht na n-eilimintí a sholáthraítear sa ghearán nó atá ar fáil don Choimisiún, lena chinneadh an bhfuil go leor fianaise ann le húdar a bheith le himscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le mír 1.
4. Cinnfidh an Coimisiún gan imscrúdú a thionscnamh i gcás nach léirítear aon saincheist chórasach sna fíorais arna gcur chun cinn sa ghearán ná aon tionchar suntasach a bheith acu ar aeriompróir amháin nó níos mó de chuid an Aontais.
5. Cuirfidh an Coimisiún an gearánach agus na Ballstáit uile ar an eolas i gcás ina gcinneann sé gan an t-imscrúdú a thionscnamh. Léireofar san fhaisnéis na cúiseanna faoi deara an chinnidh. Tarchuirfear an fhaisnéis sin chuig Parlaimint na hEorpa chomh maith, i gcomhréir le hAirteagal 17.
6. I gcás nach mbeidh an fhianaise arna cur isteach leordhóthanach chun críocha mhír 1, cuirfidh an Coimisiún in iúl don ghearánach nach bhfuil go leor fianaise ann laistigh de 60 lá ón dáta a taisceadh an gearán. Tabharfar 45 lá don ghearánach fianaise bhreise a sholáthar. I gcás nach n-éireoidh leis an ngearánach é sin a dhéanamh laistigh den teorainn ama sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gan an t-imscrúdú a thionscnamh.

7. Faoi réir mhír 4 agus mhír 6, cinnfidh an Coimisiún cé acu an t-imscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le mír 1 laistigh de thréimhse nach faide ná cúig mhí ón uair a thaisctear an gearán.
8. Faoi réir mhír 4, nuair a mheasfaidh an Coimisiún go bhfuil go leor fianaise ann chun údar a bheith le himscrúdú a thionscnamh, déanfaidh sé na bearta seo a leanas:
- (a) na himeachtaí a thionscnamh agus fógra a thabhairt do na Ballstáit agus do Pharlaimint na hEorpa faoi;
 - (b) fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; fógrófar san fhógra tionscnamh an imscrúdaithe, léireofar ann raon feidhme an imscrúdaithe, an tríú tír nó eintiteas tríú tír a líomhnaítear a bheith páirteach i gcleachtais a shaobhann an iomaíocht agus an díobháil líomhnaithe nó an bhagairt díobhála líomhnaithe, an t-aeríompróir nó na haeríompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann agus luafar ann an tréimhse ina bhféadfaidh páirtithe leasmhara iad féin a chur in iúl, a gcuid tuairimí a chur i láthair i scríbhinn, faisnéis a chur isteach nó iarratas a dhéanamh ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin. Beidh 30 lá ar a laghad sa tréimhse sin:

- (c) cuirfidh sé ionadaithe an tríú tír agus an eintitis tríú tír lena mbaineann ar an eolas go hoifigiúil faoi thionscnamh an imscrúdaithe;
 - (d) cuirfidh sé an gearánach agus an Coiste dá bhforáiltear faoi Airteagal 16 ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe.
9. I gcás ina n-aistarraingítear an gearán roimh thionscnamh an imscrúdaithe, meastar nár taisceadh an gearán. Tá an méid sin gan dochar do cheart an Choimisiúin **imscrúdú** a thionscnamh ar a thionscnamh féin i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 5

An t-imscrúdú

1. Tar éis thionscnamh na n-imeachtaí, cuirfidh an Coimisiún tús le himscrúdú.
2. Beidh sé mar aidhm leis an imscrúdú a chinneadh an ndearna cleachtas a shaobhann an iomaíocht, arna ghlacadh ag tríú tír nó eintiteas tríú tír, díobháil nó bagairt díobhála d'aeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.

3. I gcás ina dtarlaíonn sé le linn an imscrúdaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, go dtagann an Coimisiún ar fhianaise i dtaobh cásanna a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar nascacht sna spéartha i limistéar áirithe, i mBallstát nó i ngrúpa Ballstát, agus do phaisinéirí dá bhrí sin, cuirfear an fhianaise sin san áireamh agus leas an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3 á chinneadh.
4. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheastar a bheith riachtanach chun an t-imscrúdú a dhéanamh agus fíoróidh sé cruinneas na faisnéise a tugadh dó nó a bhailigh sé leis na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, nó leis an tríú tír, le páirtí leasmhar nó leis an eintiteas tríú tír lena mbaineann.
5. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a tíolacadh i gcomhréir le mír 4 easnamhach, cuirfear san áireamh é ach gan í a bheith bréagach nó míthreorach.
6. Mura nglacfar le fianaise nó le faisnéis, cuirfear an páirtí atá á soláthar ar an eolas láithreach faoi na cúiseanna a bhaineann leis sin, agus tabharfar deis dó a chás a mhíniú tuilleadh laistigh den thréimhse shonraithe.

7. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit lena mbaineann tacaíocht a thabhairt dó agus an t-imscrúdú á dhéanamh aige. Go sonrach, arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh siad pé beart is gá chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus an t-imscrúdú á dhéanamh aige trí fhaisnéis ábhartha atá ar fáil a sholáthar. Arna iarraidh sin don Choimisiún, féachfaidh aon Bhallstát le rannchuidiú le haon fíorú nó anailís ábhartha.
8. Más léir gur gá a leithéid, féadfaidh an Coimisiún imscrúduithe a dhéanamh i gcríoch tríú tír, ar choinníoll go bhfuil a thoiliú tugtha ag eintiteas an tríú tír lena mbaineann agus gur tugadh fógra oifigiúil do rialtas an tríú tír agus nach bhfuil aon agóid déanta aige ina leith.
9. Tabharfar éisteacht do na páirtithe a chuirfidh iad féin in iúl laistigh den tréimhse a leagtar síos san fhógra maidir le tionscnamh má tá iarraidh ar éisteacht déanta acu a léiríonn gur páirtí leasmhar iad.
10. Féadfaidh gearánaigh, páirtithe leasmhara, nó na Ballstáit lena mbaineann agus ionadaithe an tríú tír nó an eintitis tríú tír lena mbaineann breathnú ar an bhfaisnéis ar fad a chuirfear ar fáil don Choimisiún, cé is moite de dhoiciméid inmheánacha le haghaidh úsáid an Choimisiúin agus údarás riaracháin an Aontais agus na mBallstát lena mbaineann, ar choinníoll nach faisnéis rúnda an fhaisnéis sin laistigh de bhrí Airteagal 8 agus ar choinníoll go gcuirfidh siad iarraidh i scríbhinn faoi bhráid an Choimisiúin.

Airteagal 6

Fionraí

1. Féadfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú a chur ar fionraí má mheastar é a bheith níos iomchuí aghaidh a thabhairt go heisiach ar an gcleachtas atá ag saobhadh na hiomaíochta faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna mbunú le comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí is infheidhme a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu nó le haon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir leis na seirbhísí aeriompair a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir leis an imscrúdú a chur ar fionraí.

Féadfaidh an Coimisiún filleadh ar an imscrúdú in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (a) más toradh ar an nós imeachta faoi chuimsiú an chomhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí is infheidhme nó aon chomhaontaithe eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair go ndearna an páirtí eile nó páirtithe eile sárú ar an gcomhaontú atá críochnaitheach agus ina cheangal ar na páirtithe eile sin, ach nár glacadh aon ghníomh ceartaitheach go pras, nó laistigh den tréimhse dá bhforáiltear faoina nósanna imeachta ábhartha;
- (b) i gcás nár cuireadh deireadh leis an gcleachtas a shaobhann iomaíocht laistigh de 12 mhí ón dáta a cuireadh an t-imscrúdú ar fionraí.

2. Cuirfidh an Coimisiún an t-imscrúdú ar fionraí, laistigh de 15 lá oibre ón dáta a thugtar an fógra maidir le tionscnamh an imscrúdaithe, más amhlaidh:
- (a) gur chuir na Ballstáit uile lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (4)(b) d'Airteagal 2 an Coimisiún ar an eolas, go bhfuil sé ar intinn acu aghaidh a thabhairt ar an gcleachtas a shaobhann an iomaíocht go heisiach faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí is infheidhme faoi na comhaontuithe aeriompair, nó na comhaontuithe aersheirbhísí nó aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair arna gcur i gcrích acu leis an tríú tír lena mbaineann; agus
 - (b) nach bhfuil agóid déanta ag aon Bhallstát nó Ballstáit eile lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (4)(a) d'Airteagal 2.
- I gcásanna fionraí beidh feidhm ag Airteagal 7(1) agus ag Airteagal 7(2).
3. Féadfaidh an Coimisiún filleadh ar an imscrúdú in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
- (a) murar chuir na Ballstáit lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (4)(b) d'Airteagal 2 tús leis an nós imeachta um réiteach díospóide faoin gcomhaontú idirnáisiúnta ábhartha laistigh de thrí mhí ón dáta a tugadh an fógra dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;

- (b) má chuireann na Ballstáit lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (4)(b) d'Airteagal 2 an Coimisiún ar an eolas nach ndearnadh toradh an nós imeachta um réiteach díospóide dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a fhorfheidhmiú go cuí agus go gasta;
- (c) má iarrann na Ballstáit uile lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 2(4) ar an gCoimisiún filleadh ar an imscrúdú;
- (d) más é tuairim an Choimisiúin nár cuireadh deireadh leis an gcleachtas a shaobhann iomaíocht laistigh de 12 mhí ó dháta an fhógra arna thabhairt ag na Ballstáit lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;
- (e) i gcásanna práinneacha dá bhforáiltear in Airteagal 11(3), murar cuireadh deireadh leis an gcleachtas a shaobhann iomaíocht laistigh de naoi mí ó dháta an fhógra dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 den Airteagal seo arna thabhairt ag na Ballstáit lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (4)(b) d'Airteagal 2; arna iarraidh sin ag Ballstát lena mbaineann, d'fhéadfadh an Coimisiún an tréimhse sin a shíneadh i gcásanna cuí-réasúnaithe ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí.

Airteagal 7

Comhar leis na Ballstáit eile maidir le himeachtaí a bhaineann le cásanna atá faoi chuimsiú

Chaibidil III

1. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoi gach cruinniú ábhartha a shocraítear faoi chuimsiú an chomhaontaithe aeriompair nó aersheirbhísí nó faoi aon fhoráil maidir le seirbhísí aeriompair a áirítear in aon chomhaontú eile arna gcur i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann, chun an tsaincheist a chumhdaítear leis an imscrúdú a phlé. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an clár oibre agus an fhaisnéis ábhartha uile don Choimisiún lena chur ar a chumas na hábhair atá le plé ag na cruinnithe sin a thuiscint.
2. Coinneoidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoi sheoladh aon nós imeachta le haghaidh aon nós imeachta um réiteach díospóidí dá bhforáil i gcomhaontú aeriompair nó aersheirbhísí nó in aon chomhaontú eile ina bhfuil forálacha maidir le seirbhísí aeriompair arna gcur i gcrích acu leis an tríú tír lena mbaineann agus i gcás inarb iomchuí, iarrfar ar an gCoimisiún freastal ar na nósanna imeachta sin. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann.

Airteagal 8

Rúndacht

1. Déileálfaidh an Coimisiún mar fhaisnéis rúnda, má léirítear go bhfuil cúis mhaith leis, le haon fhaisnéis ar de chineál rúnda í, lena n-áirítear faisnéis ar dócha, de thoradh a nochta, go dtabharfaí buntáiste mór iomaíochta d'iomaitheoir nó go ndéanfaí dochar suntasach do dhuine a sholáthair an fhaisnéis nó do dhuine a bhfuair an té a sholáthair an fhaisnéis an fhaisnéis uaidh nó faisnéis arna soláthar ar bhonn rúnda ag páirtithe in imscrúdú, ach gan a bheith teoranta do na saghsanna sin faisnéise.
2. Ceanglófar ar pháirtithe leasmhara atá ag soláthar faisnéis rúnda, achoimrí neamhrúnda den fhaisnéis sin a sholáthar freisin. Beidh na hachoimrí sin mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh na páirtithe leasmhara a thabhairt le fios nach féidir achoimre a thabhairt ar an bhfaisnéis. In imthosca eisceachtúla den sórt sin, ní mór ráiteas a thabhairt faoi na cúiseanna nach bhfuil sé indéanta an achoimre sin a chur ar fáil.

3. Is chun na críche ar iarradh í, agus chun na críche sin amháin, a fhéadfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid. Ní chuirfidh an mhír seo bac ar fhaisnéis a fhaightear i gcomhthéacs imscrúdaithe amháin a úsáid chun críche imscrúdú eile a thionscnamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.
4. Ní nochtfaidh an Coimisiún ná na Ballstáit, lena n-áirítear a n-oifigigh faoi seach, aon fhaisnéis de chineál rúnda arna fáil de bhun an Rialacháin seo, ná aon fhaisnéis arna cur ar fáil ar bhonn rúnda ag páirtí in imscrúdú, gan cead sonrach a fháil ón bpáirtí a chuir an fhaisnéis sin isteach. Ní nochtfar malartuithe faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, ná aon doiciméad inmheánach arna ullmhú ag údaráis an Aontais nó na mBallstát, ach amháin má fhoráiltear maidir leis sin go sonrach sa Rialachán seo.
5. Nuair is cosúil nach bhfuil údar leis an iarraidh ar rúndacht agus mura bhfuil an duine a sholáthróidh an fhaisnéis toilteanach an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí nó nochtadh na faisnéise i dtéarmaí ginearálta nó i bhfoirm achoimre a údarú, féadfar neamhshuim a dhéanamh den fhaisnéis lena mbaineann.

6. Ní chuirfidh an tAirteagal seo bac ar nochtadh faisnéise ginearálta ag údaráis an Aontais ná, go háirithe, ar nochtadh na gcúiseanna ar a bhfuil cinntí arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo bunaithe, ná nochtadh fianaise ar a bhfuil údaráis an Aontais ag brath sa mhéad gur gá na cúiseanna sin a mhíniú in imeachtaí cúirte. Ní mór leas dlisteanach na bpáirtithe lena mbaineann, is é sin nach sceithfí a rúin ghnó, a chur san áireamh i nochtadh den sórt sin.
7. Glacfaidh na Ballstáit gach beart is riachtanach agus is iomchuí chun rúndacht na faisnéise is ábhartha do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a áirithiú, agus ar choinníoll go luíonn siad lena théarmaí.

Airteagal 9

An bunús le cinntí i gcás neamh-chomhoibriú

I gcás ina ndiúltaítear rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis riachtanach nó nach gcuirtear an céanna ar fáil laistigh den tréimhse dá bhforáiltear chuige sin sa Rialachán seo, nó i gcás ina gcuirtear bac suntasach ar an imscrúdú, is ceadmhach cinntí sealadacha nó cinntitheacha a dhéanamh – dearfach nó diúltach – bunaithe ar a mbeidh d'fhíricí agus d'fhianaise ar fáil. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur cuireadh isteach faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, tabharfar neamhaird ar an bhfaisnéis sin.

Airteagal 10

Nochtadh

1. Nochtfaidh an Coimisiún don tríú tír, eintiteas an tríú tír, agus aeriompróir an tríú tír lena mbaineann, mar aon leis an ngearánach agus na páirtithe leasmhara, na Ballstáit agus na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn atá sé beartaithe aige bearta sásaimh a ghlacadh, nó imeachtaí a fhoirceannadh gan bearta sásaimh a ghlacadh, tráth nach déanaí ná mí amháin sula ngairfear an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 16 i gcomhréir le hAirteagal 13(2) nó 14(1).
2. Beidh an nochtadh dá dtagraítear i mír 1 gan dochar d'aon chinneadh a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh sin. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún an cinneadh sin a bhunú ar thuilleadh fíoras nó argóintí nó ar mhalairt fíoras nó breithnithe, nochtfar na fíorais nó argóintí sin a luaithe is féidir.
3. Aon fhaisnéis bhreise a chuirfear ar fáil tar éis an nochta, ní thabharfar aird uirthi ach i gcás ina bhfaightear í laistigh de thréimhse a shocróidh an Coimisiún i ngach cás, tréimhse nach giorra ná 14 lá, agus aird iomchuí á tabhairt ar a phráinní atá an cás. Féadfar tréimhse níos giorra a leagan síos i gcás ina gcaithfear nochtadh deiridh sa bhreis a dhéanamh.

Airteagal 11

Fad na n-imeachtaí agus cur ar fionraí

1. Cuirfear na himeachtaí i gcrích laistigh de 20 mí. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. I gcás ina gcuirtear na nósanna imeachta ar fionraí mar a leagtar amach in Airteagal 4, ní áireofar an tréimhse fionraíochta le linn an imscrúdaithe.
2. Cuirfear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. I gcás ina gcuirtear imscrúdú ar fionraí mar a leagtar amach in Airteagal 6, ní áireofar an tréimhse fionraíochta le linn an imscrúdaithe. I gcás ina dtéann tréimhse an imscrúdaithe chun síneadh, cuirfear an síneadh sin le tréimhse fhoriomlán na n-imeachtaí a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo.
3. I gcás éigeandála, eadhon i gcás ina dtíolacann an gearánaí nó na páirtithe leasmhara fianaise shoiléir go bhféadfadh sé nach féidir an díobháil a rinneadh don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais a chur ar gcúl, is ceadmhach tréimhse na n-imeachtaí a ghiorrú go naoi mí.

4. Déanfaidh an Coimisiún na himeachtaí a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil bearta cinntitheacha déanta ag an tríú tír nó ag eintiteas an tríú tír lena mbaineann chun deireadh a chur leis an gcleachtas a shaobhann an iomaíocht nó an díobháil nó an bhagairt díobhála do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.
5. Sna cásanna sin dá dtagraítear i mír 4, cuirfidh an Coimisiún tús an athuair leis na himeachtaí i gcás nach bhfuiltear tar éis deireadh a chur le cleachtas saofa na hiomaíochta, leis an díobháil nó leis an mbagairt díobhála do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann tar éis tréimhse réasúnach ama, nach mbeidh i gcás ar bith níos faide ná sé mhí.

Caibidil III

Cleachtais a shaobhann an iomaíocht

Airteagal 12

Díobháil a chinneadh nó bagairt díobhála

1. Chun críocha na Caibidle seo, beidh cinneadh maidir le díobháil bunaithe ar fhianaise agus déanfaidh sé na cúinsí ábhartha a chur san áireamh, go háirithe:
 - (a) staid na n-aeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, go háirithe ó thaobh gnéithe amhail minicíocht na seirbhísí, úsáid acmhainne, éifeacht an líonra, díolacháin, sciar margaidh, brabúis, toradh ar chaipiteal, infheistíocht, agus fostaíocht;

- (b) staid ghinearálta na margaí seirbhísí aeriompair ar a n-imrítear tionchar, go háirithe maidir le leibhéal na dtáillí nó rátaí, acmhainn agus minicíocht na seirbhísí aeriompair nó úsáid an líonra.
2. Má chinntear go bhfuil baol díobhála ann, beidh sé bunaithe ar fhianaise shoiléir seachas ar líomhaintí, tuairimíocht nó féidearthacht fhánach. Sular féidir díobháil a thabhairt air, ní mór go mbeadh sí intuartha, ródhócha, agus ar tí tarlú, agus ní mór gur féidir a chruthú gan amhras réasúnach gur gníomh nó cinneadh ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír ba chúis léi.
3. Agus cinneadh á dhéanamh gurb ann do bhagairt díobhála, déanfar fachtóirí cosúil leis na fachtóirí seo a leanas a mheas:
- (a) éabhlóid intuartha staid na n-aeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, go háirithe maidir le minicíocht na seirbhísí, úsáid acmhainne, éifeacht an líonra, díolacháin, sciar margaidh, brabúis, toradh ar chaipiteal, infheistíocht, agus fostaíocht;
 - (b) éabhlóid intuartha staid ghinearálta na margaí seirbhísí aeriompair a bhféadfaí tionchar a imirt orthu, go háirithe maidir le leibhéal na dtáillí nó rátaí, acmhainn agus minicíocht na seirbhísí aeriompair nó úsáid an líonra;

Cé nach féidir le haon cheann de na tosca a luaitear i bpointí (a) agus (b) a bheith cinntitheach, bainfear de thátal as iomlán na bhfachtóirí sin gur gearr uainn tuilleadh den chleachtas saofa iomaíochta, agus go ndéanfar díobháil mura ngnítear beart.

4. Roghnóidh an Coimisiún tréimhse imscrúdaithe a líomhnaítear ina leith gur tharla an díobháil lena linn, ach nach mbeidh teoranta don tréimhse sin amháin, agus déanfaidh sé anailís ar an bhfianaise ábhartha ón tréimhse sin.
5. I gcás díobháil nó baol díobhála do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann arb é is cúis leo cúinsí eile seachas an cleachtas a shaobhann iomaíocht, ní ar an gcleachtas atá faoi ghrinnscrúdú a leagfar iad agus déanfar neamhshuim díobh sin.

Airteagal 13

Foirceannadh gan bearta sásaimh

1. Cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an imscrúdú gan aon bhearta sásaimh a ghlacadh i gcás ina dtarraingítear siar an gearán, murab é go leanann an Coimisiún den imscrúdú as a stuaim féin.

2. Foirceannfaidh an Coimisiún, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, an t-imscrúdú a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 5 gan bearta sásaimh a ghlacadh sna cásanna seo a leanas:
- (a) go gcinnfidh an Coimisiún nár deimhníodh aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) gurb ann do chleachtas a ***shaobhann an*** iomaíocht, arna ghlacadh ag tríú tír nó eintiteas tríú tír;
 - (ii) gurb ann do dhíobháil nó do bhagairt díobhála do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann;
 - (iii) gurb é an cleachtas atá faoi mheas is cúis leis an díobháil nó leis an mbaol díobhála;
 - (b) go gcinnfidh an Coimisiún gur i gcoinne leas an Aontais a bheadh sé bearta sásaimh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14;
 - (c) go bhfuil an tríú tír nó eintiteas an tríú tír tar éis deireadh a chur leis an gcleachtas iomaíocht a shaobhadh; nó
 - (d) go bhfuil an tríú tír nó eintiteas an tríú tír lena mbaineann tar éis deireadh a chur leis an díobháil nó leis an mbagairt díobhála do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

3. I gcomhréir le mír 2, beidh ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh an t-imscrúdú a fhoirceannadh ag gabháil leis an gcinneadh é féin agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Airteagal 14

Bearta sásaimh

1. Gan dochar d'Airteagal 13, glacfaidh an Coimisiún, gníomhartha cur chun feidhme, lena leagtar síos bearta sásaimh má chinntear san imscrúdú arna dhéanamh de réir Airteagal 5 go bhfuil cleachtas a shaobhann iomaíocht, arna ghlacadh ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír, tar éis díobháil a dhéanamh don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos bearta sásaimh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) agus (3) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos bearta sásaimh dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo.

2. Gan dochar d'Airteagal 13, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos bearta sásaimh má chinntear san imscrúdú arna dhéanamh de réir Airteagal 5 go bhfuil cleachtas a shaobhann iomaíocht, arna ghlacadh ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír, ina shiocair le bagairt díobhála, i gcomhréir le hAirteagail 12(2) agus (3), do na haerionpróirí de chuid an Aontais lena mbaineann. N thiocfaidh na bearta sásaimh sin i bhfeidhm nó go mbeidh an baol díobhála ina dhíobháil iarbhir.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos bearta sásaimh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) agus (3) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo.

3. Forchuirfear na bearta sásaimh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ar aerionpróirí de chuid tríú tír a thairbhíonn den chleachtas a shaobhann an iomaíocht agus féadfaidh siad a bheith i bhfoirm ceachtar den dá ní seo a leanas:

- (a) dualgais airgeadais;

(b) aon bheart oibríochtúil ar luach coibhéiseach nó níos lú, amhail fionraí a dhéanamh ar lamháltas, ar sheirbhísí dlite nó ar chearta eile de chuid an aeriompróra tríú tír. Tabharfar tús áite do bhearta oibríochtúla cómhálartacha ar choinníoll nach dtagann siad salach ar leas an Aontais, agus nach sáraíonn siad dlí an Aontais, nó aon oibleagáidí idirnáisiúnta.

4. Ní rachaidh na bearta sásaimh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 thar a bhfuil riachtanach chun fritháireamh a dhéanamh ar an díobháil do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann. Chuige sin, féadfar na bearta sásaimh sin a theorannú do limistéar geografach áirithe nó féadfar fad a dtréimhse a theorannú.
5. Na bearta sásaimh, ní bheidh iontu fionraí nó teorannú ar chearta tráchta a dheonaigh Ballstát ar thríú tír faoi chomhaontú aeriompair, comhaontú aersheirbhíse nó aon fhoráil faoi sholáthar seirbhísí aeriompair a áirítear i gcomhaontú ar bith eile arna gcur i gcrích leis an tríú tír sin.
6. Ní thiocfaidh de na bearta sásaimh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 go sáróidh an tAontas na Ballstáit lena mbaineann comhaontuithe aeriompair nó comhaontuithe aersheirbhísí nó aon fhoráil maidir le seirbhísí aeriompair a áirítear i gcomhaontú trádála nó aon chomhaontú eile arna chur i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann.

7. Beidh ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh an t-imscrúdú a chur i gcrích le glacadh beart sásaimh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ag gabháil leis an gcinneadh é féin agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Airteagal 15

Bearta sásaimh a athbhreithniú

1. Ní leanfaidh na bearta sásaimh dá dtagraítear in Airteagal 14 de bheith i bhfeidhm ach chomh fada, agus a mhéid, a bhfuil gá leo i bhfianaise an chleachtais leanúnaigh a shaobhann iomaíocht agus na díobhála atá ann dá dheasca. Chuige sin, beidh feidhm ag an nós imeachta athbhreithnithe a leagtar amach i mír 2, mír 3 agus mír 4 den Airteagal seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa go rialta ar a éifeachtaí atá na bearta sásaimh agus an tionchar a bhíonn acu.
2. I gcás ina bhfuil údar leis de thoradh na gcúinsí, féadfaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le leanúint de bhearta sásaimh a fhorchur ina bhfoirm thosaigh, bíodh sé ar thionscnamh an Choimisiúin nó an ghearánaigh nó ar iarraidh réasúnaithe ón mBallstát nó na Ballstáit, ón tríú tír nó ón eintiteas tríú tír lena mbaineann.

3. Le linn an athbhreithnithe, déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil an cleachtas a shaobhann iomaíocht fós ar siúl agus an mbaineann díobháil leis agus an é an cleachtas sin is cúis leis an díobháil.
4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-aisghairtear, lena leasaítear nó lena gcoimeádtar na bearta sásaimh a leagtar amach in Airteagal 14, de réir mar is iomchuí. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin.

Caibidil IV

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 16

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 17

Tuairisc agus faisnéis

1. Tuairisceoidh an Coimisiún, ar bhonn rialta, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur chun feidhme agus ar fheidhmiú an Rialacháin seo. I dtaca le faisnéis rúnda a chosaint de réir bhrí Airteagal 8, cuirfear sa tuairisc sin faisnéis faoi chur chun feidhme na mbeart sásaimh, foirceannadh imscrúdúcháin gan bearta sásaimh, athbhreithnithe ar bhearta sásaimh agus comhar leis na na Ballstáit, le páirtithe leasmhara agus le tríú tíortha.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún aon shaincheisteanna a bhaineann le chur chun feidhme an Rialacháin seo a chur i láthair agus a mhíniú.

Airteagal 18

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán